GAELSCOIL SHLIABH RUA

Ráiteas Ginearálta um Shábháilteacht

Dar le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua, tá sláinte agus sábháilteacht mar fheidhm lárnach de bhainistíocht agus feidhmiú na scoile agus aithníonn sé an tábhacht atá leis an Reachtaíocht atá rite san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Sa Ráiteas Sábháilteachta seo tá Polasaí Sábháilteachta Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua leagtha amach chomh maith leis na modhanna leis an bpolasaí sin a bhaint amach. Tá sé tábhachtach an polasaí seo a léiriú i gcúraimí agus dualgais aonair gach leibhéal bainistíochta agus feidhmithe den scoil. Tá tábhacht ag baint lena chinntiú gur sprioc choiteann í timpistí a sheachaint, ionad oibre sábháilte agus sláintiúil dár gcuid fostaithe agus daltaí uile a chur ar fáil agus a choimeád agus ár gcuid dualgas do bhaill an phobail lena mbímid i dteagmháil leo a chomhlíonadh, ar fud Ghaelscoil Shliabh Rua, idir Bhord Bainistíochta, Mhúinteoirí agus Fhostaithe eile. Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua, nach bhfuil na cúraimí sláinte agus sábháilteachta a leagtar ar dhaoine aonair, ní ba lú tábhachtaí ná na dualgais atá orthu agus feidhm ar bith eile á comhlíonadh acu.

Leis an bpolasaí seo tá comhoibriú na bhfostaithe uile de dhíth.

Tá i gceist againn athbhreithniú a dhéanamh gach bliain ar an ráiteas i gcomhthéacs taithí, athruithe i gceanglais dhlíthiúla agus athruithe oibríochtúla.
Tabharfaidh an Bord Bainistíochta faoi iniúchadh sábháilteachta a dhéanamh gach bliain agus cuirfear tuairisc ar fáil don fhoireann. Déanfar iniúchadh cigireachta/sábháilteachta níos minice má iarrann an fhoireann nó an Bord Bainistíochta é.

Déanfar monatóireacht ar na taifid timpistí nó breoiteachta d'fhonn a chinntiú gur féidir bearta sábháilteachta ar bith atá riachtanach a chur i bhfeidhm, de réir mar is gá, leis an méid a atarlaíonn a leithéid timpistí nó breoiteachta a laghdú.

Tá an fhreagracht maidir le forfheidhmiú agus monatóireacht iomlán Pholasaí Sábháilteachta Ghaelscoil Shliabh Rua, trí dheimhin a dhéanamh de go gcuirtear an oiliúint dhóthanach agus chuí ar fáil don fhoireann ar fad, agus trí dhóthain acmhainní a chur ar fáil a chomhlíonann riachtanais an pholasaí shláinte agus shábháilteachta bhunaithe faoi chúram Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Shliabh Rua.